V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10991 – GIP / KKR / VODAFONE / VANTAGE TOWERS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 46/03)

1. An 30 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Infrastructure Management, LLC ("GIP", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— KKR & Co. Inc. ("KKR", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Vodafone Group Plc ("Vodafone", an Ríocht Aontaithe),

— Vantage Towers AG ("Vantage Towers", an Ghearmáin), atá faoi rialú aonair Vodafone faoi láthair.

Gheobhaidh GIP, KKR agus Vodafone rialú comhpháirteach ar Vantage Towers de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— GIP: is bainisteoir domhanda ar chistí bonneagair é atá dírithe go príomha ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, na dramhaíola agus an bhonneagair dhigitigh,

— KKR: is gnólacht infheistíochta domhanda é a thairgeann bainistiú malartach sócmhainní mar aon le réitigh margaí caipitil agus árachais,

— Vodafone: is oibreoir teileachumarsáide ilnáisiúnta é atá gníomhach go príomha i soláthar seirbhísí teileachumarsáide móibílí,

— Vantage Towers: is soláthraí seirbhísí fáilteachais bonneagair teileachumarsáide é do chustaiméirí amhail oibreoirí líonraí móibíleacha agus craoltóirí i roinnt Ballstát agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10991 – GIP / KKR / VODAFONE / VANTAGE TOWERS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.